Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15223/23**

**COH 80**
**ECOFIN 1153**
**UEM 350**
**SOC 750**
**EMPL 535**
**COMPET 1087**
**ENV 1269**
**EDUC 426**
**RECH 492**
**ENER 608**
**JAI 1449**
**GENDER 199**
**ANTIDISCRIM 182**
**JEUN 256**
**SAN 646**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 10193/23 |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin “Treochtaí Réigiúnacha le haghaidh fáis agus cóineasaithe san Aontas Eorpach” – Formheas |

1. An 2 Meitheamh 2023, d’fhoilsigh an Coimisiún a Dhoiciméad Inmheánach Oibre dar teideal *Regional trends for growth and convergence in the European Union* [Treochtaí réigiúnacha le haghaidh fáis agus cóineasaithe san Aontas Eorpach].

2. Chuir an Coimisiún an Tuarascáil i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus um na Réigiúin is Forimeallaí an 13 Meitheamh 2023.

3. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht ag cruinnithe na Meithle um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 21 Meán Fómhair[1], an 12 Deireadh Fómhair[2], an 23 Deireadh Fómhair[3] agus an 8 Samhain[4]. Chomhaontaigh na toscaireachtaí na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí sin ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas, mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

---

1 WK 11665/2023 REV 1.
2 WK 11665/2023 INIT.
3 WK 11665/2023 REV 2.
4 WK 11665/2023 REV 3.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le**
**Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin "Treochtaí Réigiúnacha le haghaidh fáis agus cóineasaithe san Aontas Eorpach"**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. CUIREANN SÍ IN IÚL gur díol sásaimh di an doiciméad oibre ón gCoimisiún dar teideal *Regional trends for growth and convergence in the European Union*, [Treochtaí réigiúnacha don fhás agus don chóineasú san Aontas Eorpach], ina ndéantar anailís ar staid chóineasaithe agus fáis na réigiún Eorpach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus ina ndéantar machnamh ar ról an bheartais chomhtháthaithe maidir le neamhshiméadrachtaí agus éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú;

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil forbairt inbhuanaithe na réigiún uile agus a n-athléimneacht ríthábhachtach don rathúnas eacnamaíoch, don leas sóisialta, d'fhorbairt an chaipitil dhaonna, agus d'fheabhas a chur ar iomaíochas an Aontais ina iomláine;

3. AONTAÍONN sí gur rannchuidigh an beartas comhtháthaithe go mór le héagothromaíochtaí a laghdú agus leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú idir réigiúin agus laistigh díobh, i gcomhréir leis an treoir infheistíochta ábhartha a leagtar amach sa Seimeastar Eorpach. Mar sin féin, tá neamhshiméadrachtaí agus éagothromaíochtaí tábhachtacha fós ann, i dtéarmaí OTI chomh maith le rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta, iomaíochas agus táirgiúlacht, agus ar an leibhéal idir-réigiúnach freisin, nach mór a chur san áireamh má táthar chun aghaidh a thabhairt orthu mar is hiomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart go leanfadh an beartas comhtháthaithe de ról a bheith aige ina leith sin;

4. TUGANN sí dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar líon réigiúin an Aontais atá sáinnithe i 'gaiste forbartha' nó go bhfuil an baol ann go dtitfidh siad i ngaiste dá mhacasamhail. Tá na réigiúin sin tar éis tréimhsí fada d'fhás mall nó d'fhás diúltach a bheith acu, agus is beag an t-ardú táirgiúlachta agus an cruthú post iontu;

5. IARANN sí ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as na sonraí atá ann cheana chun anailís a dhéanamh ar rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe le cóineasú na réigiún agus le rathúnas an Aontais ina iomláine le blianta beaga anuas agus anailís bhreise a dhéanamh ar na cúiseanna atá le difríochtaí réigiúnacha agus gaistí forbartha réigiúnacha, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí;

6. AITHNÍONN sí gur gnách go mbíonn comhchruinniú níos airde de chaipiteal daonna, de ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus leibhéil níos airde táirgiúlachta saothair agus iomaíochais sna réigiúin ar mó a bhforbairt ar gaire dóibh do mhórchathair;

7. LEAGANN SÍ BÉIM, ag an am céanna, ar a dhúshlánaí atá na treochtaí déimeagrafacha in go leor réigiún san Eoraip, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, iargúlta, fhorimeallacha, oileánacha, shléibhtiúla agus thuaithe; dúshlán ar measa é go minic mar gheall ar dheacrachtaí breise chun daoine tréitheacha a fhorbairt, a choinneáil agus a mhealladh agus ar gá, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt air;

8. AITHNÍONN SÍ, thairis sin, go bhfuil an rochtain ar sheirbhísí bunúsacha fós íseal i roinnt réigiún de chuid an Aontais, lena n-áirítear réigiúin bheagfhorbartha, na réigiúin is forimeallaí, oileáin agus limistéir shléibhtiúla, beag beann ar a bhfeidhmíocht náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart don bheartas comhtháthaithe leanúint de bheith ag rannchuidiú leis an rochtain ar sheirbhísí poiblí bunúsacha, lena n-áirítear infheistíochtaí i mbonneagair bhunúsacha i gcomhréir leis na riachtanais réigiúnacha, le go bhféadfar a thuilleadh cóineasaithe agus fáis a dhéanamh;

9. AONTAÍONN SÍ go gcruthófar deiseanna le spriocanna an aistrithe ghlais agus leis an sprioc an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus gur den riachtanas iarrachtaí coiteanna a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach. Mar sin féin, tá costais ag baint leis freisin, ar éagsúil iad sna réigiúin ar leith, rud a d'fhéadfadh tuilleadh éagothromaíochtaí agus neamhionannais a chruthú. Ina theannta sin, iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide, iarmhairtí atá ag dul i méid, bíonn tionchar mór acu ar an bhfás agus ar an bhforbairt i go leor réigiún san Eoraip. Is féidir leis an mbeartas comhtháthaithe rannchuidiú leis na tionchair neamh-inmhianaithe sin a mhaolú, agus tacú le haistriú cóir;

10. Á CHUR in iúl gur díol sásaimh di go n-aithnítear gur gá a áirithiú go mbeidh beartais ábhartha AE agus náisiúnta dírithe ar riachtanais áitiúla agus gur cheart éagsúlacht agus patrúin mhíchothroma fáis i réigiúin na hEorpa a chur san áireamh, mar phríomhghné de rathúnas an Aontais ina iomláine;

11. CUIREANN SÍ IN IÚL gur díol sásaimh di gur bhfuiltear tar éis tabhairt faoi phróiseas machnaimh ar thodhchaí an bheartais chomhtháthaithe, féachaint an bhféadfaí beartas níos éifeachtúla a bhaint amach lena n-áireofaí tosaíochtaí soiléire agus iarrachtaí ar shimpliú ar mhaithe le forbairt chothrom chomhchuí an Aontais sna blianta atá le teacht, chomh maith caomhnú luachanna daonlathacha agus sóisialta an Aontais;

12. ATHDHEARBHAÍONN sí ról an bheartais comhtháthaithe mar chumasóir agus mar chobhsaitheoir don mhargadh aonair agus don chothrom iomaíochta, agus mar ghné thábhachtach chun rannchuidiú le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. AITHNÍONN SÍ a mhéid a rannchuidíonn sé leis an bhfás a athchothromú i réigiúin agus i gcríocha, agus leis an gcomhtháthú sóisialta;

13. AITHNÍONN sí gur féidir breisluach ghníomhaíochtaí an Aontais a uasmhéadú leis na sineirgí láidre idir ionstraimí éagsúla an Aontais agus chun na comhlántachtaí idir ionstraimí a shainiú i gceart, MEABHRAÍONN SÍ gur gá iad a dhearadh go hiomchuí agus ar bhonn réasúnaithe ón tús, agus forluí idir a gcuspóirí agus a réimsí idirghabhála á seachaint. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbainfeadh an beartas réigiúnach leas as na sineirgí atá ann idir ionstraimí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha.